C/2026/2147

17.4.2026

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3)de i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/2147)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Romagna'

PDO-IT-A0507-AM05

Dáta an iarratais: An 28 Aibreán 2021

1. Iarratasóir agus leas dlisteanach

CONSORZIO VINI DI ROMAGNA [COMHLACHAS FHÍON ROMAGNA]

Comhlachas cosanta le haghaidh ATFC 'Romagna'

2. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear di

- ☐ Ainm an táirge
- ☒ Catagóir an táirge fíniúna
- ☒ Nasc
- ☐ Srianta margaíochta

3. Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú

1. *Catagóir nua táirgí fíniúna a thabhairt isteach*

Cuireadh isteach an chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán' den táirge fíniúna (catagóir 5).

Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar fhíon súilíneach agus ar fhíon súilíneach ar ardchaighdeán le 10 mbliana anuas. Chun freastal ar an éileamh sin, d'fhéach táirgeoirí ó Romagna freisin leis na réitigh theicniúla agus theicneolaíocha uile is gá a chur chun feidhme agus a fheabhsú chun na cineálacha táirgí sin a fháil. Le catagóir 5 'fíon súilíneach ar ardchaighdeán' is féidir luach an chineáil 'fíon súilíneach' de tháirgí ATFC 'Romagna' a uasmhéadú.

Mar thoradh ar chuimsiú na catagóire táirge 'fíon súilíneach ar ardchaighdeán', leasaíodh Airteagail 1 go 9 den tsonraíocht táirge agus na ranna ábhartha den doiciméad aonair.

2. *Nuashonrú ar an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach*

Rinneadh feabhsuithe ar an tuairisc ar na gnéithe timpeallachta agus staire/cultúrtha atá ríthábhachtach chun cáilíocht na bhfíonta a thréithriú i ndáil le saintréithe ithreach agus aeráide an limistéir agus leis an traidisiún fáis agus cultúrtha a tháinig chun cinn leis na céadta blianta anuas maidir le saothrú agus próiseáil fíonchaor.

Baineann an leasú le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 8 (Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)) den doiciméad aonair.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

3. *Comhdhlúthú leis an leasú caighdeánach a bhí ann roimhe seo*

Rinneadh an tsonraíocht táirge agus na ranna uile den doiciméad aonair freisin a fhorlíonadh leis an leasú caighdeánach a seoladh tar éis an leasaithe sin ar leibhéal an Aontais agus d'fhormheas an Coimisiún cheana iad i dTeachtaireacht 2022/C 386/08, a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 386 an 7 Deireadh Fómhair 2022.

An tráth céanna, liostaíodh na catagóirí aonair fíona ar bhealach níos soiléire sa roinn 'Tuairisc ar na fíonta' den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Romagna

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

(1) Fíon

(4) Fíon súilíneach

(5) Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

(8) Fíon leathshúilíneach

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *'Romagna' Albana Spumante (catagóir 4 — fíon súilíneach)*

Déantar fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Albana Spumante as úrfhíon fíonchaor atá rísínithe i bpáirt agus úsáid á baint as an modh laistigh den bhuidéal nó an modha uathchláibh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais. Bíonn dath buí órga air, cúr fíneálta agus giosáil a mhaireann ar feadh tréimhse fhada, an dea-bholadh sainiúil torthaíoch blasta atá tipiciúil den chineál fíniúna, dea-struchtúr agus úire dheas, chomh maith le blas pléisiúrtha, mín, milis nach mbíonn rómhilis go deo.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16,0 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 6 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *'Romagna' Cagnina (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Cagnina, a fhaightear as fíonchaora Terrano a bhuaintear go ginearálta i dtreo dheireadh mhí Mheán Fómhair, bíonn sé réidh le scaoileadh lena chaitheamh tar éis na chéad 10 lá de mhí Dheireadh Fómhair. Bíonn dath corcra dearg air chomh maith le dea-bholadh dian le hiarrachtaí de shilíní *marasca* agus súnna craobh, agus blas milis, beagán tainneach agus imeall a bhíonn deas aigéadach.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 8.5.

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *'Romagna' Pagadebit (catagóir 1 - fíon; lena n-áirítear an cineál milis)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Pagadebit, a fhaightear ó fhíonchaora Bombino Bianco, bíonn dath buí na tuí air agus é de dhéine éagsúil ag brath ar aois agus ar an bpróiseas fíonóireachta, chomh maith le dea-bholadh úr agus cumhra chomh maith le hiarracht den sceach gheal atá tipiciúil den chineál fíniúna, agus blas deas agus séimh, blas a bhíonn sa raon idir tirim agus leathmhilis, lena n-áirítear an cineál leathshúilíneach.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *'Romagna' Pagadebit Frizzante (catagóir 8 - fíon leathshúilíneach; lena n-áirítear an cineál milis)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Pagadebit Frizzante, a fhaightear ó fhíonchaora Bombino Bianco, bíonn dath buí na tuí air agus é de dhéine éagsúil ag brath ar aois agus ar an bpróiseas fíonóireachta, cúr mín seasmhach aige, agus dea-bholadh úr agus cumhra air chomh maith le hiarracht den sceach gheal atá tipiciúil den chineál fíniúna ann, chomh maith le blas deas agus séimh, blas a bhíonn sa raon idir tirim agus leathmhilis, lena n-áirítear an cineál leathshúilíneach.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *'Romagna' Pagadebit Bertinoro (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Pagadebit Bertinoro, a fhaightear ó fhíonchaora Bombino Bianco ó fholimistéar Bertinoro, bíonn dath buí na tuí air agus é de dhéine éagsúil ag brath ar aois agus ar an bpróiseas fíonóireachta, chomh maith le dea-bholadh úr agus cumhra le hiarracht den sceach gheal atá tipiciúil den chineál fíniúna, agus blas deas agus séimh, blas a d'fhéadfadh a bheith tirim nó leathmhilis, lena n-áirítear an cineál leathshúilíneach.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,0 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. *'Romagna' Sangiovese (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Sangiovese, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál fíniúna ar a bhfuil an t-ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín air agus loinnir chorcra, chomh maith le dea-bholadh leathan agus fíonmhar atá beagán luibheach agus an fíon óg agus d'fhéadfadh iarrachtaí den vialait a bheith ann, chomh maith le blas galánta, láidir a bhíonn go deas tainneach air agus é óg agus iarbhlas a bhíonn chomh deas céanna, é beagán searbh.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,0 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 20,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

7. *'Romagna' Sangiovese Novello (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Sangiovese Novello, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna, a dhéantar trí mhaothú carbónach, bíonn dath dearg an rúibín air, chomh maith le dea-bholadh fíonmhar is gnách d'fhíonta a tháirgtear tríd an modh sin, agus bíonn blas tirim nó beagán milis air mar gheall ar roinnt siúcra iarmharach, mar a cheadaítear de réir na rialacha lena rialaítear a tháirgeadh.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

8. *'Romagna' Sangiovese Superiore (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Sangiovese Superiore, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín air ina bhfuil claonadh i dtreo dhath an ghairnéid, agus loinnir chorcra ann uaireanta, chomh maith le dea-bholadh fíonmhar chomh maith le hiarrachtaí den vialait, agus blas maothlach, tathagach air é ach bog agus galánta, é go deas tainneach agus é óg agus iarbhlas láidir a bhíonn beagán searbh.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

9. *'Romagna' Sangiovese Riserva (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Sangiovese Riserva, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín air ina bhfuil claonadh i dtreo dhath an ghairnéid air agus an dath sin ag tréigean isteach ina chorcra agus oráiste leis an aois, cumhracht dheas fanaile agus éitir aige atá tipiciúil den aosú agus blas tirim, maothlach, comhchuí agus láidir, chomh maith le hiarrachtaí den adhmad ann uaireanta a thagann ó na bairillí inar aosaíodh an fíon.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,0 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

10. *'Romagna' Sangiovese Superiore Riserva (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Sangiovese Riserva, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín air ina bhfuil claonadh i dtreo dhath an ghairnéid air agus an dath sin ag tréigean isteach ina chorcra agus oráiste leis an aois, cumhracht dheas fanaile agus éitir aige atá tipiciúil den aosú agus blas tirim, maothlach, comhchuí agus láidir, chomh maith le hiarrachtaí den adhmad ann uaireanta a thagann ó na bairillí inar aosaíodh an fíon.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,0 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

11. *'Romagna' Sangiovese Passito (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Sangiovese Passito, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín air, agus loinnir chorcra uaireanta, in éineacht le dea-bholadh séimh agus d'fhéadfadh iarrachtaí den vialait a bheith ann, agus blas deas tainneach agus iarbhlas sainiúil air a bhíonn beagán searbh; d'fhéadfadh iarrachtaí inbhraite den adhmad a bheith ar an bhfíon a fhaightear ó na bairillí inar aosaíodh an fíon.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,0 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: idir 6,0 agus 20,0 g/l Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26 g/l

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

12. *'Romagna' Sangiovese Riserva agus an folimistéar sonraithe (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Sangiovese a dtagann folimistéar ina dhiaidh, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna ó limistéir atá sainithe go soiléir, bíonn dath dearg an rúibín air agus loinnir chorcra, chomh maith le dea-bholadh leathan agus fíonmhar a bhíonn beagán luibheach agus an fíon óg, agus iarracht den vialait, blas atá tipiciúil den limistéar táirgeachta, é go deas tainneach agus é óg agus iarbhlas a bhíonn chomh deas céanna, é beagán searbh.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

13. *'Romagna' Sangiovese Riserva agus an folimistéar sonraithe (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Sangiovese Riserva a dtagann folimistéar ina dhiaidh, a fhaightear ó fhíonchaora den cineál ar a bhfuil an t-ainm céanna ó limistéir atá sainithe go soiléir, bíonn dath dearg an rúibín air a bhfuil claonadh i dtreo dhath an ghairnéid ann agus an dath sin ag tréigean isteach ina chorcra agus oráiste leis an aois, agus blas tirim, maothlach, comhchuí agus láidir atá tipiciúil den limistéar táirgeachta, chomh maith le hiarrachtaí den adhmaid go minic a thagann ó na bairillí inar aosaíodh an fíon.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,0 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

14. *'Romagna' Sangiovese (catagóir 1 - fíon)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Trebbiano, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna, bíonn dath buí na tuí air de dhéine éagsúil, chomh maith le dea-bholadh fíonmhar, gan bheith róláidir, séimh, agus blas fíneálta, blasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

15. *'Romagna' Trebbiano Spumante (catagóir 4 - fíon súilíneach)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Trebbiano Spumante, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna trí athchoipeadh nádúrtha sa bhuidéal nó in uathchláibh i gcomhréir le rialacha an Aontais, bíonn dath buí na tuí air de dhéine éagsúil, in éineacht le cúr a mhaireann ar feadh tréimhse fhada agus giosáil fhíneálta, chomh maith le dea-bholadh fíneálta, úr agus deas, agus blas tirim nó leath-thirim ag brath ar an gcineál.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

16. *'Romagna' Trebbiano Frizzante (catagóir 8 - fíon leathshúilíneach)*

Fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Trebbiano Frizzante, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna via athchoipeadh nádúrtha i gcomhréir le rialacha an Aontais, bíonn dath buí na tuí air de dhéine éagsúil, agus cúr fíneálta agus seasmhach air chomh maith le dea-bholadh deas agus séimh, agus blas úr agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

17. *'Romagna' Bianco Spumante (catagóir 4 - fíon súilíneach)*

Maidir leis an gcúr atá ag fíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco Spumante: tá sé mín agus marthanach, agus dath buí na tuí air de dhéine éagsúil; Seasann sé amach mar gheall ar a dhea-bholadh: tá sé mín agus séimh, agus ag brath ar an méid siúcra, bíonn a bhlas idir *brut nature*, tirim, inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

18. *'Romagna' Bianco Spumante di Qualità (catagóir 5 - fíon súilíneach ar ardchaighdeán)*

Maidir leis an gcúr atá ag fíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco Spumante di Qualità: tá sé mín, síodúil agus marthanach, agus tá dath buí na tuí air de dhéine éagsúil; Seasann sé amach mar gheall ar a dhea-bholadh: tá sé mín, éadrom, le mionbhlasanna sainiúla ó bheith ag luí ar an moirt. Ag brath ar an méid siúcra, bíonn a bhlas idir *brut nature*, tirim, lán, inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

19. *'Romagna' Rosato Spumante (catagóir 4 - fíon súilíneach)*

Maidir leis an gcúr atá ag fíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Rosato Spumante: Bíonn dath scoth-bhándearg air de dhéine éagsúil agus bíonn an dea-bholadh fíneálta agus éadrom. Bíonn an blas a bhíonn air éagsúil ag brath ar an méid siúcra, idir brut nature agus tirim, agus é inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

20. *'Romagna' Rosato Spumante di Qualità (catagóir 5 - fíon súilíneach ar ardchaighdeán)*

Maidir leis an gcúr atá ag fíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Rosato Spumante di Qualità, tá sé fíneálta, síodúil agus marthanach. Bíonn dath bándearg de dhéine éagsúil air chomh maith le dea-bholadh fíneálta, éadrom agus bíonn mionbhlasanna sainiúla air ó bheith ag luí ar an moirt. Ag brath ar an méid siúcra, bíonn a bhlas idir *brut nature*, tirim, lán, inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

21. *'Romagna' Bianco (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath buí idir buí éadrom agus buí na tuí de dhéine éagsúil ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco agus bíonn dea-bholadh deas, fíneálta agus séimh orthu. Bíonn an blas a bhíonn orthu inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

22. *'Romagna' Bianco Frizzante (catagóir 8 - fíon leathshúilíneach)*

Maidir leis an gcúr atá ag fíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco Frizzante, tá sé fíneálta, marthanach. Bíonn an dath a bhíonn air idir buí éadrom agus buí na tuí de dhéine éagsúil agus bíonn an dea-bholadh a bhíonn air deas agus sainiúil. Bíonn an blas a bhíonn air comhchuí agus úr.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

23. *'Romagna' Rosato (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath bándearg de dhéine éagsúil ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Rosato agus bíonn dea-bholadh deas, fíneálta agus séimh orthu. Bíonn an blas comhchuí agus úr.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

24. *'Romagna' Rosato Frizzante (catagóir 8 - fíon leathshúilíneach)*

Maidir leis an gcúr atá ag fíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Rosato Frizzante, tá sé fíneálta, marthanach. Bíonn dath bándearg de dhéine éagsúil air chomh maith le dea-bholadh deas agus sainiúil. Bíonn an blas comhchuí agus úr.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

25. *'Romagna' Rosso (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath dearg an rúibín ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Rosso, uaireanta bíonn imireacha corcra sa dath sin, bíonn dea-bholadh fíonmhar agus boladh oscailte ar na fíonta. Bíonn an blas atá orthu comhchuí, beagán tainneach agus iarbhlas a bhíonn deas searbh orthu.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 19 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

26. *'Romagna' Bianco Brisghella (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath buí idir buí éadrom agus buí na tuí de dhéine éagsúil ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco Brisighella agus bíonn dea-bholadh sainiúil, fíneálta agus leathan orthu. Bíonn an blas a bhíonn orthu inbhlasta, úr agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 19 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

27. *'Romagna' Bianco Castrocaro (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath buí idir buí éadrom agus buí na tuí de dhéine éagsúil ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco Castrocaro agus bíonn dea-bholadh deas, dian agus fíonmhar orthu. Bíonn an blas a bhíonn orthu inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

28. *'Romagna' Bianco Longiano (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath buí idir buí éadrom agus buí na tuí de dhéine éagsúil ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco Longiano agus bíonn dea-bholadh deas, dian agus fíonmhar orthu. Bíonn an blas a bhíonn orthu inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 19 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

29. *'Romagna' Bianco Modigliana (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath buí idir buí éadrom agus buí na tuí de dhéine éagsúil ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco Modigliana agus bíonn dea-bholadh deas, dian agus fíonmhar orthu. Bíonn an blas a bhíonn orthu inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 19 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

30. *'Romagna' Bianco Oriolo (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath buí idir buí éadrom agus buí na tuí de dhéine éagsúil ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Bianco Oriolo agus bíonn dea-bholadh deas, dian agus fíonmhar orthu. Bíonn an blas a bhíonn orthu inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

31. *'Romagna' Centesimino Oriolo (catagóir 1 - fíon)*

Tá dath dearg an ghairnéid ar fhíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Centesimino Oriolo agus tá dea-bholadh sainiúil air chomh maith le mionbhlasanna rósanna agus torthaí foraoise. Bíonn an blas a bhíonn air mín tathagach.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

32. *'Romagna' Centesimino Oriolo Riserva (catagóir 1 - fíon)*

Tá dath dian dearg an ghairnéid ar fhíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Centesimino Oriolo Riserva agus dea-bholadh atmaisféarach air chomh maith le mionbhlasanna de rósanna, torthaí aibí agus spíosraí. Bíonn an blas a bhíonn air tathagach, comhchuí, veilbhitiúil agus beagán tainneach.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

33. *'Romagna' Centesimino Oriolo Passito (catagóir 1 - fíon)*

Tá dath dearg an ghairnéid go daingean ar fhíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Centesimino Oriolo Passito agus tá dea-bholadh dian agus sainiúil air chomh maith le mionbhlasanna rósanna, suibhe, fíonchaora rísínithe agus spíosraí. Bíonn an blas a bhíonn air comhchuí, atmaisféarach agus bíonn dea-struchtúr leis.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: íosmhéid 50 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

34. *'Romagna' Centesimino Oriolo Spumante Rosé (catagóir 4 - fíon súilíneach)*

Maidir leis an gcúr atá ag fíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Centesimino Oriolo Spumante Rosé, tá sé fíneálta, marthanach. Bíonn dath bándearg air de dhéine éagsúil chomh maith le dea-bholadh sainiúil a mbíonn mionbhlasanna bláthacha le brath go láidir ann. Ag brath ar an méid siúcra, bíonn an blas idir *brut* agus *demi-sec*, bíonn sé úr agus bíonn dea-struchtúr leis.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

35. *'Romagna' Famoso Mercato Saraceno (catagóir 1 - fíon)*

Bíonn dath buí idir buí éadrom agus buí na tuí de dhéine éagsúil ar fhíonta an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Famoso Mercato Saraceno agus bíonn dea-bholadh sainiúil, dian agus fíonmhar orthu. Bíonn an blas a bhíonn orthu tirim, inbhlasta agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

36. *'Romagna' Famoso Mercato Saraceno Spumante (catagóir 4 - fíon leathshúilíneach)*

Maidir leis an gcúr atá ag fíon an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna'Famoso Mercato Saraceno Spumante, tá sé mín, marthanach. Bíonn dath na tuí air de dhéine éagsúil agus bíonn an dea-bholadh fíneálta agus éadrom. Bíonn an blas a bhíonn air éagsúil ag brath ar an méid siúcra, idir *brut nature* agus tirim, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

—

b. *Uastáirgeacht*

1. Romagna Albana Spumante

45 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Romagna Cagnina

84,5 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Romagna Pagadebit agus Pagadebit Bertinoro, lena n-áirítear Frizzante

98 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Romagna Sangiovese, lena n-áirítear Novello agus Riserva

98 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. Romagna Sangiovese Superiore, lena n-áirítear Riserva

68,25 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Romagna Sangiovese in éineacht le tagairt gheografach bhreise

58,5 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Romagna Sangiovese Riserva in éineacht le folimistéir

52 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. Romagna Sangiovese Passito

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Romagna Bianco, lena n-áirítear Frizzante agus Spumante

126 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. Romagna Bianco, lena n-áirítear Frizzante agus Spumante

126 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. Romagna Rosso

91 heictilítear in aghaidh an heicteáir

12. Romagna Bianco in éineacht le folimistéir Brisighella, Castrocaro, Longiano, Modigliana agus Oriolo

84 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Romagna Centesimino lena n-áirítear Riserva in éineacht le folimistéar Oriolo

77 heictilítear in aghaidh an heicteáir

14. Romagna Centesimino Passito in éineacht le folimistéar Oriolo

55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

15. Romagna Centesimino Spumante Rosé in éineacht le folimistéar Oriolo

91 heictilítear in aghaidh an heicteáir

16. Romagna Famoso, lena n-áirítear Spumante in éineacht le folimistéar Mercato Saraceno

84 heictilítear in aghaidh an heicteáir

17. Romagna Bianco Spumante di Qualità

126 heictilítear in aghaidh an heicteáir

18. Romagna Rosato Spumante di Qualità

126 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cumhdaíonn limistéar táirgeachta na bhfíonchaor chun fíonta a tháirgeadh atá incháilithe chun ainmniúchán "Romagna" a bheith orthu an t-iomlán nó codanna de bhardais éagsúla i gcúigí Bologna, Forlì-Cesena, Ravenna agus Rimini i réigiún Emilia-Romagna.

(1) Cumhdaíonn limistéar táirgeachta na bhfíonchaor chun fíon a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh "Romagna" Albana Spumante an t-iomlán nó codanna de na bardais a liostaítear thíos. Tá teorainn an limistéir seo críochaithe mar a leanas:

Cúige Forlì-Cesena: Bardais Castrocaro Terme e Terra del Sole, Forlì, Forlimpopoli, Meldola, Bertinoro, Cesena, Montiano, Roncofreddo, Savignano sul Rubicone agus Longiano. I gcás bhardais Savignano sul Rubicone, Cesena, Forlimpopoli agus Forlì, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Savignano sul Rubicone: ó SS 9 Via Emilia. Bardas Cesena: ón teorainn le bardas Savignano leanann sé de SS 9 Via Emilia go dtí go mbuaileann sé le Via Pestalozzi. Leanann sé de sin agus ansin feadh Marzolino Primo go dtí líne iarnróid Rimini-Bologna, dá leanann sé go dtí go mbuaileann sé le SS 71 bis, dá leanann sé de via Comunale Redichiaro agus via Brisighella. Téann sé ar ais ansin chuig SS 71 bis, ina dhiaidh sin agus ansin via Vicinale Cerchia, via S. Egidio,via Comunale Boscone,via Madonna dello Schioppo, via Cavalcavia, agus via D'Altri go dtí abhainn Savio agus rásrian poiblí, chun filleadh ar SS 9 Via Emilia ó thuaidh (ag ciliméadar 30.65), dá leanann sé go dtí an teorainn le bardas Bertinoro. Bardas Forlimpopoli: ó theorainn bhardas Bertinoro leanann sé de SS 9 go dtí go mbuaileann sé le Via S. Leonardo, dá leanann sé go dtí go mbuaileann sé le líne iarnróid Rimini-Bologna, ansin leanann sé di go dtí go mbuaileann sé le SS 9, a síneann sé ar a fhad go dtí an teorainn le bardas Forlì. Bardas Forlì: ón teorainn le bardas Forlimpopoli leanann sé de SS 9 go dtí go mbuaileann sé le via G. Siboni. Leanann sé de sin agus leanann sé ar aghaidh ansin feadh na mbóithre seo a leanas: via Dragoni, via Paganella, via T. Baldoni, via Gramsci, via Bertini, via G. Orceoli, via Somalia, via Tripoli, via Bengasi, via Cadore, via Monte S. Michele, via Gorizia, agus via Isonzo. Ón mbóthar sin leanann sé de líne iarnróid Rimini-Bologna go dtí teach na n-oibrithe iarnróid ag ciliméadar 59, ansin leanann sé de via Zignola, nascann sé le SS 9 ó thuaidh, dá leanann sé de go dtí an teorainn le bardas Faenza.

Cúige Ravenna: Na Bardais seo a leanas: Castel Bolognese, Riolo Terme, Faenza, Casola Valsenio agus Brisighella. I gcás bhardais Faenza agus Castel Bolognese, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Faenza: ón teorainn le bardas Forlì, áit a mbuaileann sé sin le SS 9, leanann sé den teorainn go dtí líne iarnróid Rimini-Bologna, dá leanann sé ansin go dtí go mbuaileann sé le bruach na láimhe clé d'Abhainn Lamone, agus ansin leanann sé de via San Giovanni, via Formellino, via Ravegnana, via Borgo S. Rocco, via Granarolo Provelta, via S. Silvestro, via Scolo Cerchia agus via Convertite. Nascann sé ansin leis an líne iarnróid ó thuaidh, dá leanann sé í go dtí an teorainn le bardas Castel Bolognese. Bardas Castel Bolognese: ó líne iarnróid Rimini-Bologna.

Cúige Bologna: Na Bardais seo a leanas: Borgo Tossignano, Casalfiumanese, Castel San Pietro Terme, Dozza Imolese, Fontanelice, Imola agus Ozzano dell'Emilia. I gcás bhardais Imola agus Ozzano dell'Emilia, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a shainiú mar a leanas: Bardas Imola: ó líne iarnróid Rimini-Bologna go trasnú mhórbhóthar Selice, leanann sé den bhóthar céanna go dtí go mbuaileann sé le Nuova, dá leanann sé go dtí go bhfilleann sé ar an teorainn bhardasach ag tús an bhóthair isteach i mbardas Castel Guelfo. Bardas Ozzano dell'Emilia: ó líne iarnróid Rimini-Bologna.

(2) Cumhdaíonn limistéar táirgeachta na bhfíonchaor chun fíon a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh "Romagna" Cagnina na bardais a liostaítear thíos.

Cúige Ravenna: Bardais Brisighella, Casola Valsenio, Castel Bolognese, Faenza agus Riolo Terme.

Cúige Forlì-Cesena: Bardais Bertinoro, Castrocaro Terme e Terra del Sole, Cesena, Forlì, Forlimpopoli, Longiano, Montiano, Modigliana, Dovadola, Predappio, Mercato Saraceno, Meldola, Roncofreddo, Savignano sul Rubicone, Gatteo agus San Mauro Pascoli.

(3) Cumhdaíonn limistéar táirgeachta na bhfíonchaor chun fíon a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh "Romagna" Pagadebit an t-iomlán nó codanna de na bardais a liostaítear thíos.

Tá teorainn an limistéir seo críochaithe mar a leanas:

Cúige Ravenna: Bardais Brisighella, Casola Valsenio, Castel Bolognese, Faenza agus Riolo Terme. I gcás bhardais Castel Bolognese agus Faenza, tugtar an teorainn i dtreo bhéal na habhann mar SS 9 Via Emilia.

Cúige Forlì-Cesena: Bardais Bertinoro, Borghi, Castrocaro Terme e Terra del Sole, Cesena, Dovadola, Forlì, Forlimpopoli, Longiano, Meldola, Montiano, Predappio, Roncofreddo, Savignano sul Rubicone agus Sogliano al Rubicone. Déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann le haghaidh bhardais Bertinoro, Cesena, Forlì, Forlimpopoli, Longiano, Savignano sul Rubicone a chríochú mar a leanas: Bardas Bertinoro: SS 9 Via Emilia. Bardas Cesena: ó thrasnú bhardas Bertinoro ar SS 9 Via Emilia, leanann sé den bhóthar sin go dtí go mbuaileann sé le bóthar cúige SP 51, a dhéanann ar via San Vittore. Ansin leanann sé de via San Vittore ar bhealach amach 71 go dtí sráidbhaile San Carlo. Leanann sé de via Castiglione, via Roversano S. Carlo, via Comunale Roversano, agus via IV Novembre go dtí go nascann sé arís le SS 9 Via Emilia. Leanann sé ar aghaidh arís feadh an mhórbhóthair i dtreo Rimini go dtí go mbuaileann sé via Ca' Vecchia. Leanann sé de ansin de via Montiano agus via Malanotte go dtí an teorainn le bardas Longiano. Bardas Forlì: ón teorainn le bardas Faenza ar Via Emilia, leanann sé de via Rio Cosina go droichead Bariletta ar via del Passo. Leanann sé ar aghaidh ansin de via del Passo go dtí go mbuaileann sé Castel Leone, a síneann sé ar a fhad go dtí an deireadh. Leanann sé ansin de via Ossi go dtí go sroicheann sé Villagrappa, ansin feadh via del Braldo go dtí Villa Rovere. Casann sé ansin isteach ar SS 67 i dtreo Fhlórans go dtí sráidbhaile Terra del Sole. Ansin filleann sé ar Forlì tar éis leanúint de via Landino, agus feadh SP 56 go dtí go mbuaileann sé via dell'Appennino (SS 9 ter), dá leanann sé, agus trasnaíonn sé San Martino in Strada. Gar don bhealach amach ón mbaile casann sé isteach ar via Monda, ansin feadh via Crocetta go trasnú SP 4 via Bidente, ag ciliméadar 4.1, agus leanann sé de go dtí go mbuaileann sé SP 37. Leanann sé den bhóthar sin go dtí an teorainn idir bardais Forlì agus Bertinoro ar Abhainn Ronco. Bardas Forlimpopoli: ón teorainn le bardais Bertinoro agus Forlì leanann sé de SP 37 i dtreo Forlimpopoli go dtí go mbuaileann sé abhainn Ausa, dá leanann sé go dtí go bhfilleann sé feadh na teorann idir bardais Bertinoro agus Forlimpopoli. Bardas Longiano: ó thrasnú bhardas Cesena, leanann sé ar aghaidh ar via Malanotte go dtí via Badia. Ansin as via Cesena, via Badia agus via Fratta, téann sé thar Cà Turchi agus Cà Won Willer. Leanann sé ar aghaidh feadh via Massa, a théann trí shráidbhailte Massa, Bolignano agus La Crocetta, go dtí an teorainn le bardas Savignano sul Rubicone, gar do Cà Ugolini. Bardas Savignano sul Rubicone: ón teorainn le bardas Longiano ar via Massa, leanann sé den teorainn, ansin feadh Scodella agus via (Vecchia) Rio Salto go dtí go mbuaileann sé leis an teorainn le bardas Sant'Arcangelo di Romagna, tar éis leanúint de via Seibelle J.

Cúige Rimini: Bardais Coriano, Misano Adriatico, Morciano di Romagna, Poggio Berni, Rimini, Sant'Arcangelo di Romagna, San Clemente, San Giovanni in Marignano, Torriana agus Verucchio. Sainítear an teorainn i dtreo bhéal na habhann do bhardais Misano Adriatico, Rimini agus Sant'Arcangelo di Romagna mar a leanas: Bardas Misano Adriatico: ón teorainn le bardas Riccione, leanann sé de via Capronte go dtí via Grotta. Leanann sé ansin de via Fontacce go dtí go mbuaileann sé le SP 35 (Riccione-Tavoletto). Leanann sé den bhóthar cúige go dtí sráidbhaile Cella Simbeni. Leanann sé ansin de via San Giovanni go dtí Abhainn Conca ar an teorainn idir bardais Misano Adriatico agus San Giovanni in Marignano. Bardas Rimini: ón teorainn le bardas Sant'Arcangelo di Romagna ar an mórbhóthar, leanann sé de via Marecchiese i dtreo Rimini go dtí go mbuaileann sé le mótarbhealach Bologna-Rimini, dá leanann sé go dtí go mbuaileann sé leis an teorainn le bardas Riccione. Bardas Sant'Arcangelo di Romagna: ón teorainn le bardas Savignano, leanann sé de via Seibelle J. i dtreo Canonica go dtí go mbuaileann sé le via Rio Salto agus sráidbhaile Canonica. Ansin leanann sé de via Canonica, SP 13 go dtí go sroicheann sé teorainn an bhardais, dá leanann sé feadh Abhainn Marecchia. Leanann sé den chúrsa sin go dtí go mbuaileann sé le trasnú Marecchia. Ansin leanann sé de via Marecchia go dtí go mbuaileann sé le teorainn an bhardais arís.

(4) Cumhdaíonn limistéar táirgeachta na bhfíonchaor chun fíon a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh Romagna Sangiovese an t-iomlán nó codanna de na bardais a liostaítear thíos. Tá teorainn an limistéir seo críochaithe mar a leanas:

Cúige Forlì-Cesena: Municipalities of Bertinoro, Borghi, Castrocaro Terme e Terra del Sole, Cesena, Civitella di Romagna, Dovadola, Forlì, Forlimpopoli, Galeata, Longiano, Meldola, Mercato Saraceno, Modigliana, Montiano, Portico-San Benedetto, Predappio, Rocca San Casciano, Roncofreddo, Santa Sofia, Savignano sul Rubicone, Sogliano al Rubicone, Sorbano-Sarsina agus Tredozio. I gcás bhardais Cesena, Bertinoro, Forlimpopoli, Forlì, Montiano agus Savignano sul Rubicone, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Cesena: ón teorainn le bardas Savignano leanann sé de SS 9 go dtí go mbuaileann sé le trasnú via Pestalozzi. Leanann sé den tsráid sin agus leanann sé ar aghaidh ansin de via Marzolino Primo go dtí líne iarnróid Rimini-Bologna, dá leanann sé go dtí go mbuaileann sé le SS 71 bis. Uaidh sin tógann sé Comunale Redichiaro, agus ansin via Brisighella, agus nascann sé arís le SS 71 bis. Tógann sé na bóithre seo a leanas ansin: via Vicinale Cerchia, via S. Egidio, via Comunale Boscone, via Madonna dello Schioppo, via Cavalcavia agus via D'Altri. Leanann sé den tsráid dheireanach seo go dtí abhainn Savio agus an rásrian poiblí, chun nascadh arís le mórbhóthar SS 9 Via Emilia i dtreo thuaisceart na cathrach (km 30,65) dá leanann sé go dtí an teorainn le bardas Bertinoro. SS 9 Via Emilia. Bardas Forlimpopoli: ó theorainn bhardas Bertinoro leanann sé de SS 9 go dtí go mbuaileann sé le Via S. Leonardo, dá leanann sé go dtí go mbuaileann sé le líne iarnróid Rimini-Bologna, ansin leanann sé di go dtí go mbuaileann sé le SS 9, a síneann sé ar a fhad go dtí an teorainn le bardas Forlì. Bardas Forlì: ón teorainn le bardas Forlimpopoli leanann sé de SS 9 go dtí go mbuaileann sé le via G. Siboni, ansin leanann sé den bhóthair sin agus de na bóithre seo a leanas: via Dragoni, via Paganella, via T. Baldoni, via Gramsci, via Bertini, via G. Orceoli, via Somalia, via Tripoli, via Bengasi, via Cadore, via Monte S. Michele, via Gorizia, agus via Isonzo. Uaidh sin leanann sé de líne iarnróid Rimini-Bologna go dtí teach na n-oibrithe iarnróid ag ciliméadar 59, ansin leanann sé de via Zignola, nascann sé le SS 9 ó thuaidh, dá leanann sé go dtí an teorainn le bardas Faenza. Bardais Montiano agus Savignano sul Rubicone: ó SS 9 Via Emilia.

Cúige Rimini: Bardais Cattolica, Coriano, Gemmano, Misano Adriatico, Mondaino, Monte Colombo, Montefiore Conca, Montegridolfo, Montescudo, Morciano di Romagna, Poggio Berni, Riccione, Rimini, Saludecio, S. Arcangelo di Romagna, San Clemente, San Giovanni in Marignano, Torriana agus Verucchio. I gcás bhardais Cattolica, Misano Adriatico, Riccione, Rimini, S. Arcangelo di Romagna, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardais Cattolica, Misano Adriatico agus Riccione: ó SS 16 Adriatica. Bardas Rimini: ón teorainn le bardas Riccione leanann sé de SS 16 Adriatica go trasnú SS 9 Emilia, agus leanann sé den bhóthar sin go dtí an teorainn le bardas S. Arcangelo di Romagna. Bardas S. Arcangelo di Romagna, ó SS 9 Via Emilia.

Cúige Ravenna: Bardais Brisighella, Casola Valsenio, Castel Bolognese, Faenza agus Riolo Terme. I gcás bhardais Faenza agus Castel Bolognese, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Faenza: ón teorainn le bardas Forlì, áit a mbuaileann sé le SS 9, leanann sé den teorainn go dtí líne iarnróid Rimini-Bologna, dá leanann sé go dtí go sroicheann sé bruach clé d'Abhainn Lamone, agus ansin leanann sé de via S. Giovanni, via Formellino, via Ravegnana, via Borgo S. Rocco, via Granarolo Provelta, via S. Silvestro, via Cerchia agus via Convertite. Nascann sé ansin leis an líne iarnróid sa tuaisceart, dá leanann sé go dtí an teorainn le bardas Castel Bolognese. Bardas Castel Bolognese: ó líne iarnróid Rimini-Bologna.

Cúige Bologna: Bardais Borgo Tossignano, Casalfiumanese, Castel San Pietro Terme, Dozza Imolese, Fontanelice, Imola agus Ozzano dell'Emilia. I gcás bhardais Imola agus Ozzano dell'Emilia, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Imola: ó líne iarnróid Rimini-Bologna go trasnú an mhórbhóthair via Selice, leanann sé den bhóthar sin go dtí go mbuaileann sé leis an mbóthar cúige via Nuova, dá leanann sé go dtí go sroicheann sé an teorainn bhardasach ag tús an bhóthair isteach i mbardas Castel Guelfo. Bardas Ozzano: ó líne iarnróid Rimini-Bologna.

(5) Maidir le limistéar táirgeachta na bhfíonchaor chun fíon a tháirgeadh ag a bhfuil na hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Romagna' Trebbiano, 'Romagna' Bianco, 'Romagna' Bianco Frizzante, 'Romagna' Bianco spumante, 'Romagna' Bianco spumante di qualità, 'Romagna' Rosato, 'Romagna' Rosato Frizzante, 'Romagna' Rosato spumante, 'Romagna' Rosato spumante di qualità, agus 'Romagna' Rosso, cumhdaítear leis iomlán na mbardas a liostaítear thíos nó codanna díobh. Tá teorainn an limistéir seo críochaithe mar a leanas:

Cúige Bologna: Bardais Borgo Tossignano, Casalfiumanese, Castel San Pietro Terme, Dozza Imolese, Fontanelice, Imola, Mordano, Medicina agus Ozzano dell'Emilia. I gcás bhardais Ozzano dell'Emilia, Medicina, Castel Guelfo agus Imola, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Ozzano dell'Emilia: ó líne iarnróid Rimini-Bologna. Bardas Medicina: ón teorainn le bardas Ozzano dell'Emilia leanann sé de SP 253 go trasnú via del Piano, agus leanann sé den bhóthar sin agus ansin de via del Lavoro, via del Canale, agus via S. Rocco, sula sroicheann sé an bóthar cúige 253 San Vitale. Bardas Castel Guelfo: ón móthar cúige 253 San Vitale. Bardas Imola: ón móthar cúige 253 San Vitale. I gcás bhardais Fontanelice agus Casalfiumanese, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Fontanelice: Leanann sé de via della Renana ón trasnú ar an teorainn idir cúigí Bologna agus Ravenna go dtí via D. Alighieri; ansin leanann sé de SP 610 in Fontanelice go dtí ciliméadar 16.95, agus casann sé ansin isteach ar via Gesso. Leanann sé den bhóthar sin go dtí go mbuaileann sí le teorainn an bhardais. Bardas Casalfiumanese: ón gcosán sléibhe a théann trí Cà Salara go dtí an áit a mbuaileann teorainneacha Fontanelice agus Castel San Pietro Terme le chéile.

Cúige Forlì-Cesena: Bardais Bertinoro, Borghi, Castrocaro Terme e Terra del Sole, Cesena, Cesenatico, Civitella di Romagna, Dovadola, Forlì, Forlimpopoli, Galeata, Gambettola, Gatteo, Longiano, Meldola, Mercato Saraceno, Modigliana, Montiano, Portico e San Benedetto, Predappio, Rocca San Casciano, Roncofreddo, Santa Sofia, San Mauro Pascoli, Savignano sul Rubicone, Sogliano al Rubicone, Sorbano-Sarsina agus Tredozio. I gcás bhardais Gatteo, San Mauro Pascoli, agus Sul Rubicone Savignano, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Gatteo: ón teorainn le bardas Cesenatico, leanann sé de via Cesenatico go trasnú mhótarbhealach Bologna-Rimini A14 in S. Angelo gar do Casa Bertorri, ansin ritheann sé feadh an mhótarbhealaigh go dtí go mbuaileann sé leis an teorainn le bardas Savignano sul Rubicone. Bardas San Mauro Pascoli: ó mhótarbhealach A14 Bologna-Rimini; Bardas Savignano sul Rubicone: ó mhótarbhealach A14 Bologna-Rimini. Bardas Cesenatico: áirítear leis sin na críocha atá suas an abhainn ó na limistéir chríochaithe seo a leanas: ó Montaletto, go trasnú chúigí Ravenna agus Forlì-Cesena, leanann sé de via San Pellegrino, agus ansin via Campone Sala go dtí sráidbhaile Sala; ansin leanann sé de via Cesenatico go dtí go mbuaileann sé leis an teorainn le bardas Savignano sul Rubicone.

Cúige Rimini: Bardais Cattolica, Coriano, Gemmano, Misano Adriatico, Mondaino, Montecolombo, Montefiore Conca, Montegridolfo, Montescudo, Morciano di Romagna, Poggio Berni, Riccione, Rimini, San Clemente, San Giovanni in Marignano, Saludecio, Sant'Arcangelo di Romagna, Torriana agus Verucchio. I gcás bhardais Cattolica, Misano Adriatico, Riccione agus Rimini, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Cattolica: ó SS 16 Adriatica. Bardas Misano Adriatico: ó SS 16 Adriatica. Bardas Riccione: ó SS 16 Adriatica. Bardas Rimini: ó thrasnú A14 Bologna-Rimini agus Abhainn Uso (an teorainn bhardasach idir San Mauro Pascoli agus Rimini), leanann sé den mhótarbhealach go trasnú SS 9 Via Emilia gar do reilig Santa Giustina. Leanann sé de ar aghaidh feadh SS 9 go dtí Abhainn Marecchia, agus leanann sé den abhainn sin go dtí go mbuaileann sé le líne iarnróid Bologna-Rimini. Leanann sé den líne sin ansin go dtí go mbuaileann sé le hAbhainn Ausa, agus leanann sé den abhainn sin go dtí go mbuaileann sé le SS 16 Adriatica. Leanann sé ansin de SS 16 go dtí an teorainn le bardas Riccione. Cúige Ravenna: Na Bardais seo a leanas: Bagnacavallo, Bagnara di Romagna, Brisighella, Casola Valsenio, Castel Bolognese, Cotignola, Faenza, Lugo, Massa Lombarda, Riolo Terme, Russi, Ravenna, Sant'Agata sul Santerno agus Solarolo. I gcás bhardais Bagnacavallo, Lugo, Massa-Lombarda, Russi, agus S. Agata sul Santerno, déantar an teorainn i dtreo bhéal na habhann a chríochú mar a leanas: Bardas Bagnacavallo: ón teorainn le bardas Lugo leanann sé de SS 253 go dtí go mbuaileann sé le trasnú via Pestalozzi. Leanann sé ar aghaidh ansin feadh na mbóithre seo a leanas: via Pieve Masiera, cuarbhóthar Fossa, via Stradello, via Rotondi, via Guarno, via Colombaia agus via Canale Sinistra

Inferiore ar feadh 17 km, agus ansin via Destra Canale Inferiore, Strada Cogollo, via Forma, agus ar eastát príobháideach, sula sroicheann sé SP 253 San Vitale ag ciliméadar 57. Bardas Lugo: ón teorainn le bardas S. Agata sul Santerno leanann sé SP 253 San Vitale go trasnú via Bedazzo. Leanann sé ar aghaidh ansin feadh na mbóithre seo a leanas: via Piratello, via Delle Tombe, via S. Andrea, bóthar cúige Quarantola, agus via Piratello Viola, go dtí go sroicheann sé SP 253 San Vitale. Bardas Massa Lombarda: ón teorainn le Cúige Bologna leanann sé SP 253 San Vitale go trasnú viale della Repubblica. Leanann sé den bhóthar sin, agus ansin de na bóithre seo a leanas: via Primo Maggio, via Fornace, via Punta, via Bagnarolo, via Nuova, agus via Cimitero go trasnú líne iarnróid Bologna-Ravenna, dá leanann sé go dtí go sroicheann sé SP 253 San Vitale. Bardas Russi: ón teorainn le bardas Bagnacavallo leanann sé de SP 253 San Vitale go trasnú Faentina, dá leanann sé trí Godo (trí Faentina Nord), agus ansin via Fringuellina, via Del Godo, via Fringuellina Nuova, via Naldi agus via Molinaccio, go dtí an teorainn le bardas Ravenna. Bardas S. Agata sul Santerno: ón teorainn le bardas Massa Lombarda, leanann sé de SP 253 San Vitale go dtí go dtrasnaíonn sé via Belfiore, agus ansin leanann sé de via Angiolina agus bruach clé Abhainn Santerno, chun filleadh ar SP 253 San Vitale. Bardas Ravenna: áirítear leis sin na críocha atá suas an abhainn ó na limistéir chríochaithe seo a leanas: ón teorainn le bardas Russi, leanann sé de bhóthar Godo-San Marco soir, go dtí go sroicheann sé SS 67 Tosco Romagnolo. Leanann sé de SS 67 ó dheas, go dtí ciliméadar 207.8, agus ansin trasnaíonn sé Abhainn Ronco trí via Gambellara go dtí via San Pietro in Vincoli. Ansin leanann sé de via Del Sale, isteach ar bhóthar cúige Dismano ó dheas go dtí ciliméadar 20.5, ansin go dtí via Civinelli agus via Mensa go dtí Matelica. Leanann sé ansin de via Salaria agus via Crociarone go dtí Pisignano, ansin leanann sé de via Confine go dtí go sroicheann sé an teorainn idir cúigí Ravenna agus Forlì-Cesena, dá leanann sé go dtí Montaletto. Áirítear Isola di Savarna sa limistéar táirgeachta mar a chríochaítear thíos: ag tosú ón gceantar 'La Cilla', leanann an teorainn den chanáil draenála ar thaobh na láimhe deise d'abhainn Reno soir, go dtí go sroicheann sé via S. Alberto-Ravenna, gar do chiliméadar 13.5. Casann sé siar ansin agus leanann sé bealach na seanlíne iarnróid go dtí C. Berbarella, ag trasnú na talún a tugadh chun míntíreachais ag Valle Mezza Cà. Uaidh sin leanann sé den bhóthar ón limistéar a tugadh chun míntíreachais a théann trí C. Graziani siar, roimh nascadh le bóthar Mezzano-S. Alberto, gar do Grattacoppa. Leanann sé den bhóthar sin ó thuaidh go dtí go sroicheann sé 'La Cilla', túsphointe na teorann.

7. **Cineál fíonchaor (nó cineálacha fíonchaor)**

Albana B.

Bombino Bianco B.

Centesimino N.

Chardonnay B

Famoso B.

Garganega B.

Manzoni Bianco B.

Merlot N.

Pignoletto B. - Grechetto Gentile

Pinot Bianco B - Pinot

Pinot Grigio - Pinot

Riesling Italico B. - Riesling

Riesling Renano B. - Riesling

Sangiovese N.

Sauvignon B - Sauvignon Blanc

Terrano N.

Trebbiano Romagnolo B. - Trebbiano

Uva Longanesi N.

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Catagóir: Fíon (1)*

Bhí nasc láidir i gcónaí ag réigiún Romagna le saothrú fíniúnacha agus le fíonóireacht. Léirítear é sin leis na fíniúnacha fiáine atá fós le fáil i ngarráin péine, leis an iliomad cineálacha traidisiúnta áitiúla (Albana, Cagnina (Terrano), Pagadebit (Bombino Bianco), Trebbiano Romagnolo, etc.), agus leis an iliomad teistiméireachtaí stairiúla agus seandálaíochta go dtí seo.

Tá dlúthnasc idir na cineálacha éagsúla fíona a fuarthas go stairiúil in Romagna agus an timpeallacht fáis (ithir agus aeráid), chomh maith le héabhlóid na dteicnící táirgeachta agus caomhnúcháin. Rinneadh formhór an fhíona ar le haghaidh tomhaltas príobháideach é a chaomhnú i mbairillí agus athraíodh é ó fhíon atá beagán fiosaí go fíon leathshúilíneach (catagóir 8) sa chéad rith chun srutha, go fíon tirim agus socair (catagóir 1) le linn an tsamhraidh tar éis na buainte.

Ó bhí na 1970idí ann, glacadh go héasca le dul chun cinn in earnáil an fhíona in Romagna, ach gan an traidisiún seanbhunaithe a shaobhadh. Mar thoradh air sin, rinneadh cuíchóiriú ar infhaighteacht agus ar bhainistiú trealaimh, chomh maith le feabhas radacach ar struchtúir choinneála agus ar theicnící fíonóireachta i siléir fíona, agus tháinig méadú doshéanta ar leibhéil cháilíochta táirgí fíona.

Bhain athrú mór eile le staidéir criosaithe *terroir*, a chuidigh leis na dálaí ithreach agus aeráide is fearr oiriúnúcháin a shainiú le haghaidh na gcineálacha éagsúla fíonchaor, agus, thar aon ní eile, d'ardaigh sé feasacht saothraithe fíniúna ar roghanna ó thaobh na héagsúlachta agus na hagranamaíochta, rud a spreag iad chun dearcadh níos criticiúla a ghlacadh i leith saothrú fíniúnacha.

I gcás Sangiovese, mar gheall ar an taithí agus an saineolas atá faighte ag fíonsaothraithe anois i ndáil leis na comhthéacsanna éagsúla comhshaoil agus cultúrtha, is féidir 'folimistéir' a shainiú chun táirgí áitiúla a shainaithint ar bhealach níos beaichte. Tá leas soiléir ag gabháltais bheaga agus mheánmhéide fíon ar cháilíocht níos airde a tháirgeadh a bhfuil nasc níos dlúithe aige le saintréithe sonracha an limistéir táirgeachta, i gcás inar féidir.

Ag bogadh ón iarthar go dtí an t-oirthear, is iad seo a leanas na limistéir is gnách chun Sangiovese a tháirgeadh:

Imola. Ag deireadh an 18ú céad, bhí Sangiovese ina ghné shainiúil de tháirgeadh fíona in Imola cheana féin, agus neartaíodh a láithreacht ann go dtí an pointe gur léirigh suirbhé 1880 go raibh sé ar cheann de na cineálacha is coitianta, sa dara háit i ndiaidh Albana sa limistéar seo. Fiú sa lá atá inniu ann, is i gcúige Bologna atá os cionn 10 % den Sangiovese a fhástar in Emilia-Romagna agus 97 % de sin fástar é i 'gceantar' Imola, áit a bhfástar é go príomha ar an taobh theas de Via Emilia.

Serra. Is iamhchríoch é sin idir bardais Castel Bolognese, Imola agus Riolo Terme, a sheas amach ón gcianaimsir ón gcuid eile de na críocha, i dtéarmaí ithreacha torthúla, infhaighteacht uisce agus aeráid shláintiúil, sa chaoi gur óstáil sé an chéad lonnaíocht dhaonna sa limistéar. In Romagna, tugadh tuairisc air sin go stairiúil mar limistéar an-fhabhrach, ina bhfuil torthaí úra agus blasanna bláthacha séimhe ag fíonta Sangiovese, arna bhfeabhsú ag nochtadh dea-roghnaithe na bhfíniúnacha.

Brisighella. Is fianaise é traidisiún táirgeachta ola olóige an limistéir gur aeráid Meánmhara geall leis atá ann, rud a bhí fabhrach go cinnte do tháirgeadh fíona freisin. Maidir leis an ithir, tá cré agus gaineamhchloch mar shaintréith aici, ach tá tionchar fhéith chailc Vena del Gesso (láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO) le sonrú, rud a thugann galántacht don fhíon, chomh maith leis an struchtúr agus an úire, a léiríonn blasanna bláthacha agus torthaíocha Sangiovese.

Marzeno. Sa limistéar sin tá lomán tosaigh suntasach den fhoirmíocht charraige ghaineamhchloiche chailcreach 'Spungone' atá fite fuaite i gcréanna gorma Pléi-Phléisticéineacha. Is iondúil go dtáirgeann an chríoch chrua láidir sin fíonta bríomhara freisin. Is gnách gur mó na blasanna torthaíocha ná na blasanna bláthacha.

Modigliana. Tá an chríoch sin níos géire fós, bíonn an samhradh níos fuaire agus, i suíomh atá beagnach cosúil leis na hAipiníní, tá struchtúr láidir ag na fíonta a tháirgtear anseo, tá siad cumhachtach, dian agus fadsaolach.

Oriolo. Is é sainiúlacht an limistéir timpeall thúr meánaoiseach Oriolo go bhfuil 'gaineamh buí' láithreach go forleathan, agus é fite fuaite uaireanta i bpaistí cré agus créshiolta, agus miocraeráid atá an-chineálta ón gcianaois, atá fabhrach do lonnaíocht an duine agus do bhláthú na talmhaíochta, arb iad fíniúnacha agus crainn ológ is saintréithe di.. Ag brath ar nochtadh na bhfíniúnacha agus leitheadúlacht gainimh nó cré, is féidir fíonta a fháil a bhfuil struchtúr iontach acu nach bhfaigheann an mhíne cheart ach amháin tar éis tréimhse áirithe aibithe, nó fíonta torthaíocha agus bláthacha ar réidhe le hól iad agus atá níos cothromaithe.

Castrocaro. Bhí tionchar mór ag Ard-Diúcacht na Tuscáine ar chríoch sin 'Tuscan Romagna'. Dá bhrí sin, déantar an folimistéar a shainiú níos mó de réir a staire áitiúla agus a thraidisiúin ná aon difríocht shuntasach idir é agus fíon a tháirgtear i limistéar Oriolo in aice láimhe, cé go bhfuil ithir chré i réim.

Predappio. Limistéar ard, ar fána i dtreo na nAipiníní, ina bhfuil ithreacha cré, a mbíonn tionchar ag sulfar air uaireanta. Bhí cáil mhór riamh ar Sangiovese an limistéir sin mar gheall ar an traidisiún a tugadh anuas ar ghaoth an fhocail. Go háirithe, táirgeann an bithchineál áitiúil lena fhíonchaora fadaithe fíonta an-torthaíoch ag a bhfuil tainniní sách crua.

Meldola. Bhí an limistéar á shaothrú cheana féin in aimsir na Rómhánach agus ó shin i leith tá forbairt agus srathú tagtha ar theicnící talmhaíochta, arb iadsan is cúis leis na torthaí reatha san earnáil fhíoneolaíoch. Mar gheall ar an bpríomhnochtadh ón iarthuaisceart go dtí an t-oirthuaisceart, is féidir fíonta míne Sangiovese a tháirgeadh a bhfuil próifíl aramatach thorthaíoch acu.

Bertinoro. Bhí an limistéar sin dírithe go traidisiúnta ar Albana (a bhfuil traidisiún fada aige ansin) agus is le déanaí amháin a tháinig sé chun solais gur limistéar é a oireann go maith do Sangiovese, a dteastaíonn tréimhsí aibithe sách fada óna struchtúr iontach.

Cesena. Tagraíonn údair chlasaiceacha na Laidine d'fhíonta Cesena fiú, bhí clú soiléir ar fhíonta Cesena riamh. Éiríonn le Sangiovese ar na cnoic sin struchtúr iontach ach gan a bheith iomarcach a bheith aige, agus torthaíocht shilín aibí shainiúil, a chomhcheanglaíonn struchtúr agus galántacht.

Mercato Saraceno. Áirítear leis sin an limistéar ina bhfuil Foirmíocht Marnoso-Arenacea Romagna níos soiléire agus ina ndéanann gaireacht bhuaiceanna na nAipiníní difear don aeráid. Tá an fíon Sangiovese sin an-chothrom, agus tá cóimheas maith aige idir alcól agus aigéadacht agus cion tainnine sách milis.

Longiano. Léiríonn na hithreacha sa limistéar sin Foirmiú Marnoso-Arenacea freisin, ach bíonn tionchar ag an aeráid ar chomhdhéanamh Sangiovese, rud a d'fhéadfadh dul i dtreo leibhéil chumhachta, agus dochar a dhéanamh do ghalántacht nádúrtha na bhfíonta a fhaightear sa timpeallacht sin; fíonta teo saibhre, agus dea-thorthaí agus dea-struchtúr ag baint leo.

Tá geolaíocht shainiúil i gceantar Rimini, rud a fhágann go bhfuil sé níos cosúla le Emilia ná an chuid eile de Romagna. Sna gleannta éagsúla, is toradh iad na hithreacha ar éabhlóid cineálacha éagsúla carraige, ach is tábhachtaí fós na miocraeráidí éagsúla a eascraíonn as a nochtadh agus/nó as a ngaireacht don fharraige. Fásadh Sangiovese go dian anseo go dtí 1860, agus táirgeadh leaganacha súilíneacha fiú mar gheall ar a gcion íseal alcóil, ach tréigeadh iad ar an gcúis sin go beacht. Mar thoradh ar an athrú aeráide, tá sé á athbheochan, agus béim á leagan ar ghnéithe éagsúla.

Coriano. Sainaithnítear leis an bhfolimistéar sin an limistéar atá díreach taobh thiar den fharraige, a bhfágann a chréanna liatha agus a dhea-nochtadh gur féidir fíonta Sangiovese a tháirgeadh atá níos struchtúrtha agus níos oiriúnaí don aosú.

San Clemente. Sainaithnítear le hainm an fholimistéir sin an limistéar is teo de Rimini, gona chailceanna agus créanna an-suntasach a tháirgeann fíonta struchtúrtha a bhfuil teannas maith aigéid acu.

Verucchio. Táirgeann an limistéar sin ar fhánaí chnoic Valmarecchia fíonta an-inólta.

I gcás cineálacha fíonchaor eile freisin, bíonn éagsúlachtaí suimiúla ann, a mbíonn tábhacht ar leith ag baint leo uaireanta, mar thoradh ar an idirghníomhú leis an ithir.

An tosaíocht a thugtar do Bombino Bianco nó, ar an ábhar sin, do Albana i limistéar Bertinoro, is cinnte gur féidir í a chur i leith na hithreach boichte aolchloiche a dhíorthaítear ó fhoirmiú geolaíoch 'Spungone', a thagann go forleathan chuig an dromchla sa limistéar sin. Éiríonn leis na hithreacha fuinneamh nádúrtha na gcineálacha fíonchaor sin a choinneáil siar, rud as a n-eascraíonn cothromaíocht níos fearr idir fás plandúil agus táirgeacht fíonchaor agus, dá bhrí sin, comhdhéanamh úrfhíona níos cothroime; agus tugann an aolchloch fíneáltacht níos cumhra do na fíonta.

In ithreacha créúla an mhachaire, a chuireann teorainn nádúrtha le fuinneamh agus táirgiúlacht Trebbiano Romagnolo, tá táirgeoirí in ann fíonta a fháil a bhfuil struchtúr maith agus fíneáltacht aramatach acu, cé go sainítear an cineál fíniúna mar chineál 'neodrach' de ghnáth. Déantar fíonta Trebbiano ag a bhfuil níos mó struchtúir a tháirgeadh ar ithreacha níos boichte na gcnoc. Soláthraíonn fíonta a dhéantar as fíonchaora a fhástar ar ithreacha gainmheacha (Terrano agus Trebbiano mar shampla) dea-fhíneáltacht bholtanach freisin.

Is gnách go mbíonn fíonta Albana éagsúil ag brath ar an gcineál ithreach freisin: fíonta struchtúrtha ina bhfuil imireacha meala agus aibreog triomaithe ar ithreacha níos créúla, imireacha torthaíocha níos suntasaí aibreog i limistéar Imola agus imireacha níos bláthaí in Albana de limistéar Faenza.

8.2. *Catagóir 'fíon súilíneach' (4)*

Is aibiú déanach iad formhór na gcineálacha fíonchaor traidisiúnta in Romagna, agus shocraigh go leor forógraí Lá Fhéile Mhichíl (29 Meán Fómhair) mar an chéad lá den bhuain, ach anois is minice a bhíonn sé ar an lá deireanach. Go dtí deireadh na 1960idí, bhí an aeráid de chineál a d'fhág gur cuireadh an bhuain i gcrích le linn na tréimhse fuaire, rud a chuir cosc go minic ar choipeadh iomlán na siúcraí sna húrfhíonta. Dá bhrí sin, is minic a rinneadh an fíon a bhuidéalú in éineacht le cainníocht áirithe siúcra iarmharaigh agus cuireadh coipeadh i gcrích sa bhuidéal an t-earrach ina dhiaidh sin, rud as ar eascair fíonta leathshúilíneacha (catagóir 8) agus/nó fíonta súilíneacha (catagóir 4). Leis na teicnící agus an teicneolaíocht sa lá atá inniu ann, is féidir rialú a dhéanamh ar an méid a tharlódh go spontáineach san am a chuaigh thart, agus na cineálacha a tháirgtí agus a chaití riamh in Romagna á gcoinneáil ar bun. Sa mheascán sin d'eilimintí *terroir*, bíonn tionchar mór ag an aeráid agus ag an saineolas (nó ag taithí na ndéantóirí fíona) i ndáil leis an ithir, as a n-eascraíonn aschur traidisiúnta ar chuidigh an teicníc agus an teicneolaíocht lena chaomhnú agus lena fheabhsú.

Albana Spumante: Ba é Albana an cineál fíniúna a fuarthas riamh i mbuidéil a úsáidtear le haghaidh féilte, mar is é an 'spuma' (cúr) a dhéanann féiltiúil é. Ós rud é gur cineál fíniúna measartha aibithe é, é go han-mhaith ag carnadh siúcra, is minic a úsáideadh é chun siúcra a thabhairt do chineálacha níos laige a aibíodh níos déanaí, amhail 'Trebbiano' agus 'Pagadebit', agus chun iad a dhéanamh súilíneach. Ní mór breathnú ar Albana mar a bheadh an 'liqueur de tirage' i dtraidisiún Romagna.

Le déanaí, leis an saineolas méadaithe ar chleachtais fíonóireachta, rinneadh táirgeadh fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha geala agus *rosé* araon a bheachtú agus a fheabhsú, ós rud é gur gnách gnáth éadrom a bheith ar na fíonta a dhéantar go traidisiúnta in Romagna — bándearg caordhearg éadrom go minic. Is fianaise iad na doiciméid ón am atá caite ar thraidisiún fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha a dhéantar leis na cineálacha fíniúna is traidisiúnta: Trebbiano Romagnolo, Bombino Bianco, Albana agus fiú Sangiovese, mar a fhianaítear in Mantegazza (1871). Mar sin féin, ba ghnách na fíonta sin a ól go háitiúil, i measc theaghlaigh na dtáirgeoirí den chuid is mó. Ba iad na fíonta scagtha milse, seachas na fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha a táirgeadh cheana féin, a bhí beartaithe le haghaidh trádála. Mar gheall ar an éabhlóid sa teicneolaíocht fíonóireachta, agus sna teicnící goirt (tá gá le fíonchaora ar ardchaighdeán agus leis an gcothromaíocht cheart idir siúcraí agus aigéadacht chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh), is féidir táirgeadh feabhsaithe den chineál sin a thabhairt isteach arís.

Chomh maith le fíonta súilíneacha ar a bhfuil tásc ar an gcineál fíniúna (Romagna Trebbiano Spumante, mar shampla), tá an bhéim anois freisin ar fhíonta súilíneacha a dhéantar as cineálacha fíniúna traidisiúnta den chuid is mó (mar shampla, 70 % Trebbiano nó 70 % Sangiovese), ach atá saibhrithe le cineálacha fíniúna eile ar féidir leo an phróifíl bholtanach a leathnú agus/nó a fheabhsú.

Ar na hithreacha is fuaire, ag na hairdí is airde agus ar na fánaí is mó a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh, d'fhéadfadh fíonchaora Sangiovese ar dhath níos éadroime agus atá níos aigéadaí a bheith ann agus a oireann chun fíonta *rosé* dea-struchtúrtha, úra, cumhraithe a tháirgeadh, fíonta ar féidir leo a bheith mar bhonn freisin don choipeadh tánaisteach, i bhfianaise spéis an mhargaidh i gcineálacha fíona shúilínigh *rosé*. Sa chomhthéacs sin, léiríonn na fíonta na mionbhlasanna bláthacha ar bhealach níos soiléire, lena ngabhann imireacha torthaí úra, nach bhfuil ró-aibithe.

Dá bhrí sin, tá táirgeadh fíonta súilíneacha nua-aimseartha in Romagna mar thoradh ar nuálaíocht theicneolaíoch sa phróiseas táirgeachta ar tháinig eabhlóid air, ar bhonn an choipthe thánaistigh sheanbhunaithe sa bhuidéal a rinneadh go dtí an céad seo caite, chun uathchláibh a úsáid sa táirgeadh, agus teicnící fíoneolaíocha úrscothacha a cheangal leis an traidisiún atá ann leis na céadta bliain sa limistéar.

8.3. *An chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán' (5)*

Leis an athrú aeráide, saothrú feabhsaithe agus teicnící fíoneolaíocha, chomh maith le comhlíonadh na bhforálacha reachtacha maidir le táirgeadh, is féidir díriú anois freisin ar fhíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh ar fearr atá sé struchtúrtha agus ar faide a mhairean.

Is aibiú déanach iad formhór chineálacha fíonchaor traidisiúnta Romagna agus, suas go dtí deireadh na 1960idí, cuireadh buain na bhfíonchaor i gcrích i dtreo dheireadh mhí Mheán Fómhair agus is minic a chuir an aimsir fhuar cosc ar choipeadh iomlán shiúcraí na n-úrfhíonta fíonchaor. Dá bhrí sin, is minic a rinneadh an fíon a bhuidéalú le cainníocht áirithe siúcra iarmharaigh, rud as ar eascair fíonta leathshúilíneacha agus/nó súilíneacha san earrach ina dhiaidh sin. Faoi láthair, fágann an teicneolaíocht gur féidir na próisis sin a rialú, agus na cineálacha traidisiúnta fíona á gcaomhnú ag an am céanna. Sa mheascán sin d'eilimintí *terroir*, bíonn tionchar mór ag an aeráid agus ag taithí an duine i ndáil leis an ithir, as a n-eascraíonn aschur traidisiúnta ar chuidigh an teicníc agus an teicneolaíocht lena chaomhnú agus lena fheabhsú.

Le déanaí, leis an saineolas méadaithe ar chleachtais fíonóireachta, rinneadh táirgeadh fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha geala agus *rosé* araon a bheachtú agus a fheabhsú, ós rud é gur gnách gnáth éadrom a bheith ar na fíonta a dhéantar go traidisiúnta in Romagna — bándearg caordhearg éadrom go minic. Is fianaise iad na doiciméid ón am atá caite ar thraidisiún fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha a dhéantar leis na cineálacha fíniúna is traidisiúnta: Trebbiano Romagnolo, Bombino Bianco, Albana agus fiú Sangiovese, mar a fhianaítear in Mantegazza (1871). Mar sin féin, ba ghnách na fíonta sin a ól go háitiúil, i measc theaghlaigh na dtáirgeoirí den chuid is mó. Ba iad na fíonta scagtha milse, seachas na fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha a táirgeadh cheana féin, a bhí beartaithe le haghaidh trádála. Mar gheall ar an éabhlóid sa teicneolaíocht fíonóireachta, agus sna teicnící goirt (tá gá le fíonchaora ar ardchaighdeán agus leis an gcothromaíocht cheart idir siúcraí agus aigéadacht chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh), is féidir táirgeadh feabhsaithe den chineál sin a thabhairt isteach arís.

Chomh maith le fíonta súilíneacha ag a bhfuil tásc ar an gcineál fíniúna (Romagna Trebbiano Spumante, mar shampla), tá an bhéim anois freisin ar fhíonta súilíneacha a dhéantar as cineálacha fíonchaor traidisiúnta den chuid is mó (mar shampla, 70 % Trebbiano nó 70 % Sangiovese), ach atá saibhrithe le cineálacha fíniúna eile ar féidir leo an phróifíl bholtanach a leathnú agus/nó a fheabhsú, agus a fhágann gur féidir baisceanna (*cuvées*) a fháil chun fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh, fíonta atá níos struchtúrtha agus ag a bhfuil neart alcóil iomlán nach lú ná 9 % de réir toirte, chomh maith le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a fháil a bhfuil brú níos mó orthu chun aosú níos faide agus caomhnú níos fearr a cheadú.

Ar na hithreacha is fuaire, ag na hairdí is airde agus ar na fánaí is mó a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh, d'fhéadfadh fíonchaora Sangiovese ar dhath níos éadroime agus atá níos aigéadaí a bheith ann agus a oireann chun fíonta *rosé* dea-struchtúrtha, úra, cumhraithe a tháirgeadh, fíonta ar féidir leo a bheith mar bhonn freisin don choipeadh tánaisteach, i bhfianaise spéis an mhargaidh i gcineálacha fíona shúilínigh *rosé*. Sa chomhthéacs sin, léiríonn na fíonta na mionbhlasanna bláthacha ar bhealach níos soiléire, lena ngabhann imireacha torthaí úra, nach bhfuil ró-aibithe.

Dá bhrí sin, tá táirgeadh fíonta súilíneacha nua-aimseartha in Romagna mar thoradh ar nuálaíocht theicneolaíoch sa phróiseas táirgeachta ar tháinig eabhlóid air, ar bhonn an choipthe thánaistigh sheanbhunaithe sa bhuidéal a rinneadh go dtí an céad seo caite, chun uathchláibh a úsáid sa táirgeadh, agus teicnící fíoneolaíocha úrscothacha a cheangal leis an traidisiún atá ann leis na céadta bliain sa limistéar.

8.4. *Catagóir Fíon leathshúilíneach (8)*

Mar gheall ar chineálacha fíonchaor a bheith in Romagna atá idir measartha agus déanach nó a aibíonn go déanach (Trebbiano agus Pagadebit), a fhástar ar thalamh torthúil go minic, chuireadh tús fhuar an gheimhridh bac a chur ar an bpróiseas coipthe trí mhéid siúcra iarmharaigh is airde nó is ísle a fhágáil sna fíonta. Ba é sin ba chúis leis an nós fíonta milse nó leathmhilse a ól i dtréimhse an fhómhair nó an gheimhridh agus fíon leathshúilíneach agus súilíneach sa samhradh tar éis na buainte. Nuair a chuirtí fíonta ina bhfuil siúcra iarmharach sa bhuidéal, chuirtí tús leis an bpróiseas coipthe arís nuair a théadh an aimsir, rud a dtagann éifeacht nádúrtha leathshúilíneach de thoradh air. Dá bhrí sin, bhí traidisiún 'neamhdheonach' ann cheana féin maidir le fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha a dhéanamh, traidisiún a beachtaíodh de réir mar a tháinig méadú ar shaineolas ar an bhfíonóireacht: trí theochtaí fuara a úsáid sna siléir, is féidir na cumhráin agus na dea-bholaithe a chaomhnú, agus déantar an próiseas coipthe a bharrfheabhsú trí ghiostaí roghnaithe a úsáid.

I limistéar Bertinoro, an cineál fíniúna Bombino Bianco, ar a dtugtar Pagadebit go háitiúil, mar a thug Hohnerlein-Buchinger (1996) dá aire, tá sé tar éis é féin a bhunú go daingean, a bhuí lena chumas dea-tháirgeadh a áirithiú fiú i ndálaí drochaimsire (sioc déanach go háirithe). Rinneadh cineálacha éagsúla fíonchaor atá cosúil le Pagadebit ó limistéir éagsúla a chur i gcomparáid le chéile ag an aonach aipeagrafach in Forlì in 1876; go stairiúil, tá cáil ar limistéar Bertinoro mar gheall ar a shárthraidisiún ar leith ó thaobh Pagadebit de, áit a dtáirgtear leagan leathshúilíneach freisin. Is dócha go bhfuil an traidisiún sin ann mar thoradh ar shaothrú an chineáil i bhfíonghoirt mheasctha i gcomhar le Albana, rud a sholáthair an méid siúcra ba ghá chun borradh a chur faoi neart alcóil an chineáil fíniúna eile a aibíonn go déanach: tháirgtí fíonta súilíneacha mar gheall ar choipeadh agus buidéalú neamhiomlán, dá dtagrófaí anois mar fhíonta 'an mhodha shinseartha'.

9. **Ceanglais shonracha eile (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

ATFC 'Romagna' — Limistéar fíonóireachta

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll eile

Maolú ó tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Féadfar oibríochtaí fíonóireachta a dhéanamh ar fud chríoch chúigí Forlì-Cesena, Ravenna, Bologna agus Rimini.

ATFC 'Romagna' — limistéar táirgeachta le haghaidh cineálacha leathshúilíneacha agus súilíneacha

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll eile

Maolú ó tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Na hoibríochtaí chun cineálacha 'Romagna' Trebbiano Frizzante, 'Romagna' Trebbiano Spumante, 'Romagna' Pagadebit Frizzante, 'Romagna' Albana Spumante, 'Romagna' Bianco Spumante agus 'Romagna' Rosato Spumante a dhéanamh, lena n-áirítear na cleachtais fíonóireachta maidir le foirmiú cúir, cobhsú agus oibríochtaí milsiúcháin, is féidir iad a dhéanamh ar fud chríoch Réigiún Emilia Romagna, Réigiún Marche, Réigiún na Lombairde, Réigiún Phíodmant agus Réigiún Veneto.

ATFC 'Romagna' — limistéar táirgeachta le haghaidh cineálacha leathshúilíneacha agus súilíneacha

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll eile

Buidéalú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór 'Romagna' Trebbiano Frizzante, 'Romagna' Trebbiano Spumante, 'Romagna' Pagadebit Frizzante, 'Romagna' Albana Spumante, 'Romagna' Bianco Spumante agus 'Romagna' Rosato Spumante a bhuidéalú laistigh de chríoch Réigiún Emilia Romagna, Réigiún Marche, Réigiún na Lombairde, Réigiún Phíodmant agus Réigiún Veneto. I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, ní mór buidéalú nó pacáistiú a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe réamhluaite d'fhonn cáilíocht agus clú a chosaint, an tionscnamh a ráthú agus éifeachtúlacht seiceálacha a áirithiú.

Úsáid tagairtí d'fholimistéir

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll eile

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

D'fhéadfaí tagairtí do na folimistéir ar a dtugtar tuairisc sna hiarscríbhinní faoi seach a ghabhann leis an tsonraíocht táirge a áireamh ar lipéid agus ar phacáistíocht fíonta a chumhdaítear le ATFC 'Romagna'.

Is mar a leanas atá na folimistéir is féidir a shonrú ar an lipéad: 'Bertinoro', 'Brisighella', 'Castrocaro', 'Cesena', 'Longiano', 'Meldola', 'Modigliana', 'Marzeno', 'Oriolo', 'Predappio', 'Mercato Saraceno', 'Serra', 'Imola', 'Coriano', 'San Clemente' and 'Verucchio'.

ATFC 'Romagna' agus tásc an 'fholimistéir' ina dhiaidh sin

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll eile

Maolú ó tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Féadfar oibríochtaí fíonóireachta a dhéanamh ar fud chríoch chúigí Bologna, Ravenna, Forlì-Cesena agus Rimini.

ATFC 'Romagna' agus tásc an 'fholimistéir' ina dhiaidh sin

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll eile

Buidéalú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór buidéalú fíona a chumhdaítear le ATFC 'Romagna' ar a bhfuil tásc an fholimistéir a dhéanamh laistigh de limistéar táirgeachta gach folimistéir, lena n-áirítear an limistéar ina n-údaraítear fíonóireacht de mhaolú. I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, ní mór buidéalú nó pacáistiú a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe réamhluaite d'fhonn cáilíocht agus clú a chosaint, an tionscnamh a ráthú agus éifeachtúlacht seiceálacha a áirithiú.

Nasc leis an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/16836